

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Bhliantúla 2014

23^ú Meán Fómhair, 2015

Foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Bhliantúla 2014 an Bhoird Phleanála tar éis iad a chur ar aghaidh chuig an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais (mar a cheanglaítear faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 – 2014) dá éis.

Feidhmíocht i gcomparáid le Cuspóirí Reachtúla

Gheofar sa Tuarascáil Bhliantúil staitisticí mionsonraithe maidir le feidhmíocht an Bhoird Phleanála, ó thaobh tréimhsí reachtúla cuspóra maidir le cinnteoireacht, tréimhsí atá leagtha amach sna hAchtanna Pleanála, a chomhlíonadh. Tuairiscíonn an Bord Pleanála gur cuireadh 83% de ghnáthachomhairc phleanála de lámh laistigh de 18 seachtaine i 2014, rud ab ionann agus feabhsú ar fheidhmíocht. Ba é 80% an ráta comhlíonta reatha sna hocht mí de 2015 go dtí deireadh mhí Lúnasa.

Thit meánlíon na seachtainí a thóg sé gnáthachomhairc phleanála a chur de lámh ó 19 seachtaine go 16 seachtaine faoi dheireadh 2014.

CÁSObAIR PHLEANÁLA						
	2011	2012	2013	2014	Deireadh 2015	
Cásanna Pleanála a Cuireadh de Lámh laistigh den Tréimhse Reachtúil Cuspóra						
Gnáthachomhairc Phleanála (18 seachtaine)	83%	36%	72%	83%	80%	
Gach Cás-Obair	81%	41%	62%	75%	76%	
Cásanna Pleanála a Fuarthas						
Gnáthachomhairc Phleanála	1,778	1,431	1,396	1,456	1,113	
Gach Cás-Obair Phleanála	2,110	2,227	1,814	1,810	1,323	

Nuair a chuirtear gach cineál cáis a ndéileálann an Bord Pleanála leis san áireamh, lena n-áirítear bonneagar straitéiseach, cuireadh os cionn 75% de chásanna de láimh laistigh den tréimhse ábhartha reachtúil cuspóra i 2014 (76% ag deireadh Lúnasa 2015).

Is gnách gur cásanna pleanála casta iad na cásanna nár cuireadh de láimh laistigh den tréimhse reachtúil cuspóra, nó go bhfuil éisteacht ó bhéal de dhíth maidir leo nó go dteastaíonn tuilleadh faisnéise ón iarratasóir, faisnéis a chaithfear a scaipeadh ina dhiaidh sin chun tuairimí a fháil.

Go díreach chuig an mBord Pleanála a dhéanann cuideachtaí príobháideacha agus gealltóirí reachtúla agus údaráis áitiúla iarratais ar fhorbairtí bonneagair straitéisigh. Baineann na hiarratais seo ar fhorbairtí beartaithe ar an mórchóir, lena n-áirítear bonneagar fuinnimh, iompair, comhshaoil, sláinte, leictreachais, gáis, iarnróid agus bóthair.

Ón uair a leagadh forálacha amach san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2007, maidir le hiarratais a dhéanamh go díreach chuig an mBord Pleanála maidir le bonneagar straitéiseach poiblí agus príobháideach, fuarthas 224 iarratas san iomlán, agus díobh sín tugadh 209 díobh chun críche.

Iarratais ar Fhorbairtí Bonneagair Straitéisigh (2007 go Lúnasa 2015)		
	Faighte	Tugtha chun críche
Aonáin Phríobháideacha agus Gealltóirí Reachtúla	80	70
Údarás Áitiúla	144	139
Iomlán	224	209

I 2014 tugadh 20 iarratas ar fhorbairtí bonneagair straitéisigh chun críche, ar tháinig 16 díobh ó údaráis áitiúil agus a raibh 7 dtionscadal bóthair ina measc. Ar na cásanna príobháideacha bhí dhá cheann de thionscadail bonneagair fuinnimh, athchur an stad LUAS ó thuaidh ar Shráid Dawson agus forbairt carrchlóis ag aerfort Bhaile Átha Cliath.

Foramharc ar Airgeadas

Taispeánann cuntais an Bhoird Phleanála €1,381,685 d'easnamh carnach ag deireadh 2014. Is é an phríomhchúis leis an easnamh sin dliteanais chostais ag eascairt as cásanna dlí a tionscnaíodh faoi fhorálacha reachtúla trínar ceadaíodh cinntí pleanála a bheith mar ábhar le hiarratais ar athbhreithniú breithiúnach.

Rud eile a chuir leis an méadú seo ar chostais dlí ná na rialacha nua maidir le costais dlí a cuireadh i bhfeidhm le deireanas i reachtaíocht náisiúnta chun comhlíonadh Choinbhinsiún Aarhus: an Coinbhinsiún maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, le Rannpháirteachas an Phobail sa Phróiseas Cinnteoireachta agus le Rochtain ar Cheartas in Ábhair Chomhshaoil a chinntiú. Is é an toradh air sin, i gcásanna ina n-éiríonn leis an mBord Pleanála dlíthiúlacht a chinntí pleanála a chosaint, nach gnách na costais a dhámh i bhfabhar an Bhoird agus mar sin ní bhíonn ar a chumas a chostais dhlí a aisghabháil. Os a choinne sin, i gcás ina n-éiríonn le hiarratasóir dúshlán a chur faoi dhlíthiúlacht cinntí den sórt sin, dámhtar na costais ina bhfabhar siúd agus i gcoinne an Bhoird Phleanála.

Tá cistiú breise, a chuirfidh na rialacha costais nua san áireamh, aontaithe leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.